C/2026/1127

20.2.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1127)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Cavolfiore della Piana del Sele’

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-02905-AM01 — 26.11.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Cavolfiore della Piana del Sele’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíon

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

AN AIREACHT TALMHAÍOCHTA, BHIAFHLAITHIS AGUS FORAOISEACHTA – CÁILÍOCHT AGRAIBHIA A CHUR CHUN CINN (PQA) 1

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil athrú ar an ainm i gceist leo, nach bhfuil an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú formheasta caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.2 den doiciméad aonair. Cineálacha nua a áireamh.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Leasaíodh Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.2 den doiciméad aonair chun na cineálacha seo a leanas a áireamh: Fasano, Sibari, Cilento, Velino, Lokki, Cantoria, Comares, Carlota, Basento, Frisca, Fortaleza, Sassolungo, Trianon, Admirable, Bormio, Brinique, Campiglio, Coxen, Gricale, HAZ 100985, Lhotse, Rufeno, Twistique agus VMK 0044.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.2 den doiciméad aonair. Leasú ar na luachanna a leagtar síos le haghaidh ábhar tirim, iarmhar athraonmhéadrach agus cion maignéisiam

Tuairisc

In Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus i bpointe 4.2 den doiciméad aonair, ardaíodh cion íosta ábhair thirim na gceann cóilise ó 6 % go 7,7 % den mheáchan úr; leasaíodh íosluach an iarmhair athraonmhéadraigh (°Brix) chun Brix ≥ 6,0° a chur in ionad na tairsí atá ann faoi láthair, is í sin Brix 8,7°; leasaíodh an paraiméadar a bhaineann leis an íoschion maignéisiam sa chuid inite de ‘Cavolfiore della Piana del Sele PGI’, atá socraithe ag 18 mg/100 g faoi láthair, chun é a bheith cothrom le nó níos mó ná 15,5 mg/100 g.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 7 den tsonraíocht táirge. An teideal a athainmniú agus an tagairt don chomhlacht rialúcháin a bhaint

Tuairisc

Athraíodh teideal Airteagal 7 den tsonraíocht ó ‘Rialuithe’ go ‘Pacáistiú agus Lipéadú’. Leasaíodh téacs an airteagail ina iomláine, tríd an tagairt don chomhlacht rialúcháin a scriosadh agus trí théacs iar-Airteagal 8 a atáirgeadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 7 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc

Cuireadh an abairt seo a leanas isteach i ndiaidh na habairte ‘Ní mór lógó an ainmniúcháin a bheith greamaithe de na codanna neamh-inite de gach ceann cóilise i ngach pacáiste.’ in Airteagal 7 den tsonraíocht táirge agus i bpointe 4.6 den doiciméad aonair: ‘Is iad pacáistí ina bhfuil aon cheann cóilise amháin an t-aon eisceacht amháin: sna cásanna sin, ní mór lógó an ainmniúcháin a thaispeáint ní hamháin ar an bpacáistíocht ach ar an gcoimeádán féin freisin. Mar sin féin, féadfar an lógó a ghreamú go díreach, mar rogha, den chuid neamh-inite den cheann cóilise, de réir na rialach ginearálta.’

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 8 den tsonraíocht táirge a bhaint.

Tuairisc

Ceartaíodh earráid in Airteagal 8 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Cavolfiore della Piana del Sele’

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-02905-AM01 — 26.11.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Cavolfiore della Piana del Sele’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0704 10 – Cóiliseacha agus brocailí

0704 10 10 – Cóiliseacha agus brocailí a bhfuil ceann air

07 – GLASRAÍ AGUS FRÉAMHACHA AGUS TIÚBAIR ÁIRITHE INITE

0704– Cabáistí, cóiliseacha, cálráib, cál agus praiseacha inite dá leithéid, iad úr nó fuaraithe

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Tá ‘Cavolfiore della Piana del Sele’ mar ainm air chinn cóilise a bhaineann le cineálacha/hibridí den speiceas *Brassica oleracea* L. *var. botrytis* atá liostaithe thíos agus a shaothraítear sa limistéar atá sainithe i bpointe 4 den doiciméad aonair.

Is iad na cineálacha/hibridí ag a bhfuil timthriall fáis idir 70 agus 215 lá:

Alston, Deepty, Guidalina, Lucex, Marmorex, Valmer, Tatuin, Alcala, Moonshine, Whiton, Adona, Moncayo, Bouchard, Lotsa, Socius, Ardent, Obiwan, Casper, Spacestar Gol, Acis, Wonder, Lavaredo, Borealis, Naruto, Akara, Tramont, Rafale, Omeris, Karen, Maimon, Subasio, Cantabria, Altair, Alfeen, Bernoulli, Amistad, Amistad Bio, Pamyros, Diwan, Guendis, Typical, Lecatis, Triomphant, Tonale, Akinen, Braven, Talvena, Manresa, Carantic, Parotis, Cristallo, Darifeen, Locarno, Barcedo, Vedis, Alberto, Nomad, **Fasano, Sibari, Cilento, Velino, Lokki, Cantoria, Comares, Carlota, Basento, Frisca, Fortaleza, Sassolungo, Trianon, Admirable, Bormio, Brinique, Campiglio, Coxen, Gricale, HAZ 100985, Lhotse, Rufeno, Twistique agus VMK 0044.**

Cuirtear an táirge ar an margadh agus é úr nó réidh le hithe gan mórán próiseála (gáma IV), a dhéantar a mhiondealú ar bhonn roghnú, sórtáil, gearradh, ní, triomú agus pacáistiú i bpaicéid, i dtobáin shéalaithe nó eile, a dtugtar mionsonraí breise orthu i bpointe 3.5 thíos, agus úsáid fhéideartha á baint as atmaisféar modhnaithe.

Chun bheith incháilithe do chosaint, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith sna cinn cóilise nuair a scaoiltear iad lena dtomhailt:

(a) i dtéarmaí méide, 13 cm ar a laghad ar trastomhas;

(b) cruth agus dath ar saintréith den chineál lena mbaineann siad iad;

(c) easpa smál ar dhromchla iomlán an chinn;

(d) easpa duilleog taobh istigh den cheann;

(e) struchtúr inmheánach: bláthóga a bhfuil uigeacht dhlúth i gceist leo;

(f) bláthóga iomlána agus duilleoga a chlúdaíonn an ceann;

(g) saor ó bholaithe mínormálta agus lobhadh;

(h) ní mór ábhar tirim na gceann a bheith ≥ **7,7 %** dá fhliuchmheáchan;

(i) ní mór an t-iarmhar athraonmhéadrach a bheith ≥ **6,0**°Brix;

(j) frithocsaídeoirí: ní mór gur mó ná 50 mg/kg an vitimín C.

(k) leibhéal teinne tráth na buainte: 3 psi (fórsa puint san orlach cearnach);

(l) cion maignéisiam ≥ **15,5** mg/100 g.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh 'Cavolfiore della Piana del Sele' a dhéanamh laistigh den limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú sliseadh, grátáil, etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Roghnaítear cinn úra agus déantar iad a phacáistiú i gcomhréir lena méideanna éagsúla agus le riachtanais éagsúla an mhargaidh a ghabhann leo, is iad sin:

☐ táirge agus na duilleoga leis: agus an ceann clúdaithe leis na duilleoga;

☐ táirge gearrtha: agus na duilleoga gearrtha 3 cm ar a laghad os cionn an chinn;

☐ táirge leath-ghearrtha: agus na duilleoga gearrtha 3 cm ar a laghad os cionn an chinn, ach níos lú díobh gearrtha ná mar a gearradh ar an táirge gearrtha;

☐ táirge gan duilleoga: agus na cúig dhuilleog is faide isteach agus an chuid neamh-inite den ghas bainte;

☐ táirge ar baineadh na duilleoga uile de: gan duilleoga air agus é cosanta le scannán plaisteach, lena n-áirítear scannán micrea-pholl ta.

Ní mór don phacáistíocht a úsáidtear dlí an Aontais a chomhlíonadh. Is féidir an phacáistíocht a bheith déanta as ábhair éagsúla, amhail adhmad, cairtchlár, páipéar, eangach agus plaisteach.

Nuair a scaoiltear é lena thomhailt, ní mór an méid atá i ngach pacáiste agus i ngach pacáiste aonair a bheith aonfhoirmeach agus ní mór cinn cóilise den chineál céanna a áireamh. Ní mór táirgí a chuirtear ar an margadh agus iad réidh le hithe (gáma IV) a phacáistiú i gcoimeádáin amhail tráidirí, paicéid nó tobáin. Tá atmaisféir mhodhnaithe roghnach.

Féadfar coimeádáin a dhéanamh as plaisteach, a cairtchlár nó as aon ábhar eile a mheastar de réir na reachtaíochta ábhartha a bheith oiriúnach don úsáid sin.

Ní mór don phacáistíocht gnáth-shaintréithe agus gnáthghnéithe an táirge a chaomhnú, gan aon éilliú a chruthú.

Ní mór an méid atá i ngach pacáiste a bheith le feiceáil go soiléir i gcónaí. Ní mór an phacáistíocht uile a shéalú ionas nach féidir an táirge a bhaint gan an phacáistíocht a stróiceadh lena oscailt. Ní fhéadfar an táirge a dhíol scaoilte.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lógó an ainmniúcháin a bheith greamaithe de na codanna neamh-inite de gach ceann cóilise i ngach pacáiste.

Is iad pacáistí ina bhfuil aon cheann cóilise amháin an t-aon eisceacht amháin: sna cásanna sin, ní mór lógó an ainmniúcháin a thaispeáint ní hamháin ar an bpacáistíocht ach ar an gcoimeádán féin freisin. Mar sin féin, féadfar an lógó a ghreamú go díreach, mar rogha, den chuid neamh-inite den cheann cóilise, de réir na rialach ginearálta.

Maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh agus iad réidh le hithe (gáma IV), ní mór lógó an ainmniúcháin a bheith greamaithe de gach coimeádán.

Ní mór an méid seo a leanas a thaispeáint ar phacáistíocht agus ar choimeádáin na dtáirgí a chuirtear ar an margadh agus iad úr nó réidh le hithe (gáma IV): an lógó Eorpach TGFC, agus na focail 'Cavolfiore della Piana del Sele I.G.P' [TGFC 'Cavolfiore della Piana del Sele'] leis agus ainm, ainm gnó agus seoladh an táirgeora agus an phacálaí.

Féadfaidh an phacáistíocht faisnéis, siombailí nó picteagraim a léiriú freisin lena moltar don tomhaltóir an coimeádán a dhiúscairt ar bhealach 'éiceabhách' chun bailiú, athúsáid agus athchúrsáil a spreagadh.

Ina theannta sin, féadfar deimhniúcháin eile atá faighte ag an táirge (GLOBALG.A.P., BRC, IFS, Iarmhar Nialasach, etc.) a léiriú. Tá sé údaraithe ainmneacha cuideachta agus brandaí príobháideacha a úsáid, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholta leo agus nach dócha go gcuirfidís an tomhaltóir amú i ndáil le cineál agus saintréithe an táirge.

Ní cheadaítear aon tuairisc eile dá bhforáiltear go sainráite sa tsonraíocht táirge.

Tugtar anseo thíos leaganacha éagsúla de lógó an ainmniúcháin: dubh agus bán (dearfach), daite, agus dubh agus bán (diúltach).



4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Tá an limistéar táirgeachta le haghaidh 'Cavolfiore della Piana del Sele' suite i gcúige Salerno agus tá sé comhdhéanta de chríoch riaracháin na mbardas seo a leanas: Albanella, Altavilla Silentina, Battipaglia, Bellizzi, Capaccio Paestum, Eboli, Giungano, Montecorvino Pugliano, Montecorvino Rovella agus Pontecagnano Faiano.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☑ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc idir 'Cavolfiore della Piana del Sele' agus an limistéar geografach táirgeachta bunaithe ar cháilíocht an táirge agus ar an gcáil láidir atá bainte amach aige le himeacht ama. Idirghníomhaíonn aeráid Piana del Sele go dearfach leis na saintréithe ithreach chun saintréithe cáilíochta 'Cavolfiore della Piana del Sele' a bhfuil an-mheas orthu a mhúnlú, toisc go gceadaíonn sé do phlandaí an leas is mó a bhaint as a n-acmhainneacht ghéiniteach agus riosca an struis maidir le huisce agus an struis theirmigh á íoslaghdú. Tá aeráid shainiúil shonrach sa limistéar, mar thoradh ar ról Mhuir Thoirian ar a chósta thiar maidir leis an teocht a rialú agus ról shliabhraon Alburni san oirthuaisceart, a chosnaíonn é ar na gaotha fuara a thagann ó na Balcáin agus a fhágann freisin gur féidir an bháisteach a thagann ón iarthar a bhailiú i dtaiscumair nádúrtha faoi thalamh, a bhíonn chun tairbhe na mbarr. Limistéar táirgeachta optamach atá sa limistéar tagartha chun cóilis a fhás, lena n-áirítear le linn an tsamhraidh. Leis na hairdí éagsúla, áirithítear raon teochta optamach chun an speiceas sin a fhás (4-20 °C) i limistéir chnocacha sa limistéar sainithe, rud a chiallaíonn gur féidir táirgeadh a thosú fiú le linn mhíonna an earraigh agus an tsamhraidh idir mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair. Os a choinne sin, clúdaíonn na limistéir chomhréidhe is táirgiúla an fómhar agus an geimhreadh (mí Dheireadh Fómhair go mí Aibreáin). Tá sraith thiubh barrithreach bolcánaí-gláraí ar an talamh talmhaíochta. Cruthaíodh an ghné bholcánach mar thoradh ar bhrúchtaí éagsúla Vesuvius, agus soláthraíonn abhainn Sele agus na sruthchúrsaí dromchla eile a thrasnaíonn an limistéar an ghné ghlárach. Leis sin cruthaíodh ithreacha atá fíorlán le macrachothaithigh agus le micreachothaithigh, go háirithe potaisiam, cailciam, maignéisiam agus iarann, ar cuid de na próisis mheitibileacha iad a thugann a uigeacht uathúil don táirge, chomh maith lena oiriúnacht i gcineálacha

difriúla cócaireachta agus a bhlas iomlán. Bíonn na gnéithe inaitheanta agus admhaithe ardchaighdeáin agus sainiúla a ghabhann le 'Cavolfiore della Piana del Sele' faoi thionchar, thar aon ní eile, na saintréithe sonracha timpeallachta, atá ann go heisiach i limistéar saothrúcháin 'Cavolfiore della Piana del Sele'. Bíonn meascán iomlán uathúil mar thoradh ar na saintréithe sin. Is léir an nasc sin nuair a chuirtear an táirge a fhaightear sa limistéar sainithe i gcomparáid le táirgí de chuid limistéar táirgeachta difriúil (i dtuaisceart agus i ndeisceart Piana del Sele), lena gcuirtear i dtábhacht na saintréithe sonracha cáilíochta a ghabhann le 'Cavolfiore della Piana del Sele'. Chuige sin, thug an Roinn Talmhaíochta in Ollscoil Napoli Federico II faoi thionscadal taighde 3 bliana i dtrí shuíomh éagsúla, Eboli (SA), Acerra (NA) agus Foggia (FG). Sna trí limistéar atá luaite, cuireadh síológa cóilise an tráth céanna agus baineadh úsáid as an teicníc feirmeoireachta chéanna, ionas gurbh é an t-aon toisc thurgnamhach amháin nó an t-aon chomhpháirt athraitheach amháin an áit saothraithe. Gach Eanáir i gcaitheamh na 3 bliana den tionscadal taighde, thógtaí samplaí de chinn cóilise ó fheirmeacha ina raibh an speiceas gairneoireachta sin á fhás in Piana del Sele (Eboli), Agro acerrano (Acerra) agus Tavoliere delle Puglie (Foggia). Léirigh tástálacha anailíseacha ar 'Cavolfiore della Piana del Sele' cion ábhair thirim de 10,65 %, atá 13,2 % níos airde ná cóiliseacha a buanadh in Acerra (9,41 %) agus 10,9 % níos airde ná na cinn a buanadh i Foggia (9,60 %). Ba shuntasaí fiú an éagsúlacht idir an t-iarmhar athraonmhéadrach: 9,22°Brix in Eboli (Piana del Sele), atá 22,9 % níos airde ná mar atá in Acerra (7,50°Brix) agus 40,1 % níos airde ná mar atá in Foggia (6,58°Brix). Is amhlaidh atá maidir leis an gcion maignéisiam, arb é 25,8 mg/100 g, 20,8 mg/100 g in Acerra agus 18,7 mg/100 g in Foggia. Déantar a dhá oiread níos mó aigéid ascorbaigh (vitimín C), ar frithocsaídeoir thar a bheith ionadaíoch i nglasraí agus i dtorthaí é, a shintéisiú i gcinn cóilise Piana del Sele (88,4 mg/kg) i gcomparáid le cinn cóilise Agro Acerrano (Acerra) (43,6 mg/kg) agus déantar a thrí oiread níos mó a shintéisiú i gcomparáid le cinn ó Tavoliere delle Puglie (Foggia) (27,1 mg/kg). Leis an tionscadal taighde rinneadh comparáid idir leibhéal teinne 'Cavolfiore della Piana del Sele' tráth na buainte, arbh é sin 4,35 psi ar an meán, i gcomparáid le meán de 3,79 psi i gcás cóilis ó Acerra agus 3,89 psi i gcás cóilis ó Foggia. Mar gheall ar an leibhéal ard teinne tá frithsheasmhacht níos mó in aghaidh na cócaireachta sa táirge agus dá bhrí sin bíonn sé úrbhriosc, fad a spreagann an cion níos airde maignéisiam níos mó gníomhaíochta fótaisintéisí, rud a chabhraíonn leis an gceann cóilise a dhéanamh níos milse, mar a léirítear leis an iarmhar ard athraonmhéadrach, agus dá bhrí sin níos blasta, agus le dath glas níos tarraingtí a thabhairt do na duilleoga forluiteacha. Dá bhrí sin is féidir a áitiú go bhfeabhsaítear cáil 'Cavolfiore della Piana del Sele' le haitheantas 'saintréithe sonracha orgánaileipteacha agus/nó airíonna cothaitheacha' a chruthaítear de bharr saintréithe sonracha cáilíochta. D'eascair dearcadh atá an-fabhrach de ghnáth i leith chinn cóilise 'Cavolfiore della Piana del Sele' as an méid sin uile, mar a léirítear leis an méadú leanúnach ar tháirgeadh i gcaitheamh na mblianta, chomh maith le cáil sheanbhunaithe agus fhorleathan an táirge ar na margaí náisiúnta agus Eorpacha.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F8%252F3%252FD.a69bad302fd47f4dc391/P/BLOB%3AID%3D3343/E/pdf?mode=download